Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Samhain 2026
(OR. en)

15598/26

SPORT 50
CULT 140

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le spóirt agus cluichí traidisiúnta mar léiriú beo ar oidhreacht chultúrtha na hEorpa agus mar spreagadh don rannpháirtíocht chuimsitheach sa ghníomhaíocht coirp

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí thuasluaite a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an seisiún a bhí aici an 20 Samhain 2026.

IARSCRÍBHINN

Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le spóirt agus cluichí traidisiúnta mar léiriú beo ar oidhreacht chultúrtha na hEorpa agus mar spreagadh don rannpháirtíocht chuimsitheach sa ghníomhaíocht coirp

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT,
AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE, AN MÉID SEO A LEANAS,

ÓS RUD É, CHUN CRÍOCHA NA gCONCLÚIDÍ SEO:

1. Gur féidir spóirt agus cluichí traidisiúnta a thuiscint mar ghníomhaíochtaí fisiciúla, iomaíocha nó neamhiomaíocha agus mar ghníomhaíochtaí áineasa atá mar chuid d'éagsúlacht na hoidhreachta cultúrtha doláimhsithe; go ndéantar iad a chleachtadh ina n-aonar nó le chéile, go bhfuil siad fréamhaithe i bpobail agus i bhféiniúlachtaí réigiúnacha nó áitiúla, go ndéantar iad a sheachadadh ó ghlúin go glúin, agus go bhfuil siad bunaithe ar rialacha a nglacann an pobal a bhíonn á gcleachtadh leo.

2. Go bhfuil spóirt agus cluichí traidisiúnta dinimiciúil, agus go gcuireann siad leis an leanúnachas agus leis an bhféiniúlacht chultúrtha, le luachanna comhroinnte agus leis an gcomhtháthú sóisialta. Chun a n-inbhuanaitheacht a chinntiú agus chun go ndéanfar iad a tharchur mar chleachtais bheo ó thaobh cultúir agus spóirt de, go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeidh rochtain ag na glúnta óga orthu agus go mbeidh siad ar fáil dóibh.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á MHEABHRÚ ACU:

3. Airteagal 6(e) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena bhforáiltear go bhfuil an inniúlacht ag an Aontas Eorpach gníomhaíochtaí a chur i gcrích i réimse an spóirt chun tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát agus chun iad a chomhordú nó a fhorlíonadh. Airteagal 165 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ar dá réir a rannchuideoidh an tAontas leis an spórt Eorpach a chur chun cinn, ag féachaint do shain-nádúr an spóirt, dá struchtúir atá bunaithe ar an ngníomhaíocht shaorálach agus d'fheidhm shóisialta agus oideachasúil an spóirt. Airteagal 167 CFAE, lena bhforáiltear go rannchuideoidh an tAontas le borradh chultúir na mBallstát, ag urramú a n-éagsúlacht náisiúnta agus réigiúnach agus ag tabhairt na comhoidhreachta cultúrtha chun suntais dó.

4. Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt 2024–2027, ina leagtar béim ar spóirt thraidisiúnta faoin réimse tosaíochta a bhaineann le hionracas agus luachanna sa spórt.

5. Spóirt thraidisiúnta áirithe arna n-inscríobh ar Liosta Ionadaíoch UNESCO d'Oidhreacht Chultúir Dholáimhsithe na Daonnachta agus fardail náisiúnta oidhreachta cultúrtha doláimhsithe a bheith ann, lena n-áirítear spóirt agus cluichí traidisiúnta áirithe.

6. An comhthéacs polaitiúil a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí seo.

AGUS BÉIM Á LEAGAN ACU AR AN MÉID SEO A LEANAS:

7. I bhfianaise a n-eagraíochta pobail agus pobalbhunaithe, is féidir ról tábhachtach a bheith ag spóirt agus ag cluichí traidisiúnta maidir le gníomhaíocht coirp ar feadh an tsaoil do chách agus aosú gníomhach a chur chun cinn, rud a chuireann lena gcleachtas leanúnach i bpobail áitiúla. Is féidir leo tairbhí tábhachtacha a sholáthar freisin maidir le sláinte coirp, meabhairshláinte agus folláine na ndaoine aonair a ghlacann páirt i spóirt agus i gcluichí traidisiúnta.

8. Is minic gur struchtúir faoi stiúir oibrithe deonacha iad eagraíochtaí a bhfuil baint acu le spóirt agus cluichí traidisiúnta a chuireann le hathléimneacht shóisialta agus le hathléimneacht an phobail.

9. Is féidir le rannpháirtíocht i spóirt agus i gcluichí traidisiúnta, comhtháthú sóisialta agus athléimneacht shóisialta, rannpháirtíocht agus malartú idirghlúine, feasacht chomhshaoil, oideachas, turasóireacht, forbairt réigiúnach, beogacht ceantar tuaithe agus iargúlta, caomhnú traidisiún áitiúil agus oidhreachta cultúrtha, agus saoránacht ghníomhach, cuir i gcás, a chothú.

10. Is féidir le spóirt agus cluichí traidisiúnta cur leis na bealaí éagsúla ina mbogann daoine, ina n-imríonn siad agus ina n-idirghníomhaíonn siad. Is féidir le rannpháirtíocht i spóirt agus i gcluichí traidisiúnta rannchuidiú leis an mbonn a leagan síos do nósanna maireachtála sláintiúla i measc leanaí agus daoine óga a d'fhéadfaidís cloí leo ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear trí dheiseanna le haghaidh gníomhaíocht coirp laethúil a chur chun cinn.

11. Is féidir ról a bheith ag spóirt agus ag cluichí traidisiúnta maidir le príomhghnéithe na samhla spóirt Eorpaí a atreisiú, ós rud é go bhfuil go leor dá croíluachanna i gceist leo, amhail cuimsitheacht, ionracas sa spóirt, comhionannas inscne, rannpháirteachas an phobail agus éagsúlacht chultúrtha, atá mar bhonn taca faoin tsamhail sin.

12. Léirítear i dtaighde a rinne an Coimisiún Eorpach[1] ar spóirt agus ar chluichí traidisiúnta na dúshláin atá roimh rompu maidir le rannpháirtithe nua a mhealladh mar gheall, *inter alia*, ar uirbiú, ar easpa acmhainní airgeadais agus daonna, agus ar infheictheacht theoranta lasmuigh dá réimsí tionscnaimh.

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT, AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

13. Feasacht ar spóirt agus ar chluichí traidisiúnta a chur chun cinn mar chuid d'éagsúlacht spóirt agus d'oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe na hEorpa, lena n-áirítear, mar shampla, trí spóirt agus cluichí traidisiúnta a mhapáil ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach araon, nó aitheantas a thabhairt, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le himthosca náisiúnta, dá rannchuidiú le beartais náisiúnta spóirt agus chultúrtha.

14. Malartuithe faisnéise agus dea-chleachtas maidir le haitheantas a thabhairt do spóirt agus do chluichí traidisiúnta a éascú, agus inniúlachtaí agus nósanna imeachta náisiúnta á n-urramú go hiomlán ag an am céanna, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hoidhreacht chultúrtha chomhroinnte na hEorpa a chosaint agus a chur chun cinn.

15. Tacú leis an obair dheonach agus le struchtúir rialachais phobalbhunaithe lena gcothaítear, lena gcosnaítear agus lena dtarchuirtear spóirt agus cluichí traidisiúnta, gan ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo a chruthú.

16. Tacú le tionscnaimh arb é is aidhm dóibh feasacht a mhúscailt agus líon chleachtóirí féideartha na spórt agus na gcluichí traidisiúnta i measc leanaí agus daoine óga a leathnú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir leis na córais oideachais náisiúnta, trí oideachas, eagraíochtaí don óige agus gníomhaíochtaí pobalbhunaithe, agus ar an gcaoi sin béim a leagan ar luach an tarchurtha ó ghlúin go glúin.

---

[1] An Coimisiún Eorpach: an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, *Mapping of traditional sports and games (TSG) in Europe* [Mapáil a dhéanamh ar spóirt agus ar chluichí traidisiúnta san Eoraip] – *Tuarascáil chríochnaitheach, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2016.*

17. Rannpháirtíocht chuimsitheach i spóirt agus i gcluichí traidisiúnta, agus rochtain orthu, a spreagadh, i gcomhréir leis na forais neamh-idirdhealaithe a leagtar amach in Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena bhforáiltear go dtoirmiscfear aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras amhail, go háirithe, gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach.

18. Machnamh a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir leis an reachtaíocht agus leis na nósanna imeachta náisiúnta, ar spóirt agus ar chluichí traidisiúnta a áireamh i bhfardail náisiúnta na hoidhreachta cultúrtha doláimhsithe.

19. Tionscnaimh chomhair a spreagadh, ar bhonn deonach, lena n-áirítear malartuithe trasteorann dea-chleachtas, ardáin dhigiteacha agus féilte, a bhaineann le spóirt agus le cluichí traidisiúnta agus, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le nósanna imeachta náisiúnta, a thabhairt dá n-aire gur ann do spóirt agus do chluichí traidisiúnta Eorpacha eile ar chríoch náisiúnta agus go bhfuil siad ag forbairt go nádúrtha. Tá cineálacha comhchosúla nó gaolmhara spórt agus cluichí traidisiúnta le fáil ar fud na mBallstát agus na réigiún éagsúil, rud a léiríonn naisc stairiúla agus chultúrtha ar fud na hEorpa agus a chuireann deiseanna ar fáil le haghaidh malartú, foghlaim agus comhar trasteorann.

20. Comhar a chothú agus a neartú le heagraíochtaí nó le hinstitiúidí Eorpacha agus idirnáisiúnta atá páirteach i spóirt agus i gcluichí traidisiúnta, amhail UNESCO agus Comhairle na hEorpa, a chuireann comhar idir-rialtasach chun cinn i réimse an spóirt agus a leagann béim ar an spórt mar bhealach chun oidhreacht, cultúr agus stair na hEorpa a chur chun cinn.

A IARRAIDH AR AN gCOIMISIÚN, I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA AGUS LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

21. Tacú le rannpháirtíocht i spóirt agus i gcluichí traidisiúnta trí thionscnaimh ábhartha de chuid an Aontais, lena n-áirítear Seachtain Eorpach an Spóirt agus an Fóram Eorpach Spóirt. Roghanna a mheas, i gcás inarb iomchuí, chun cleachtas agus tarchur spórt agus cluichí traidisiúnta a spreagadh agus chun idirphlé idirchultúrtha a neartú nó spóirt agus cluichí traidisiúnta a aibhsiú mar théama d'imeachtaí nua nó d'imeachtaí atá ann cheana.

22. Malartú dea-chleachtas a éascú, mar shampla, trí ghrúpaí saineolaithe agus gníomhaíochtaí piarfhoghlama, lena n-áirítear malartú eolais maidir le coimirciú, rialachas agus forbairt inbhuanaithe spórt agus cluichí traidisiúnta.

23. Féachaint ar dheiseanna chun an comhar a neartú ar leibhéal an Aontais idir réimsí beartais ábhartha an spóirt, na hoidhreachta cultúrtha, na cothroime idirghlúine agus an oideachais, agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú go hiomlán ag an am céanna.

24. Tacú, i gcás inarb iomchuí, le tionscadail a bhaineann le spóirt agus le cluichí traidisiúnta faoi thionscnaimh chistiúcháin ábhartha reatha an Aontais, lena n-áirítear Gníomhaíochtaí Spóirt Erasmus+, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus agus ionstraimí ábhartha eile.

IARRAIDH AR AN nGLUAISEACHT SPÓIRT, AR PHOBAL TRAIDISIÚNTA AN SPÓIRT AGUS NA gCLUICHÍ AGUS AR PHÁIRTHITHE LEASMHARA ÁBHARTHA EILE, AGUS A NEAMHSPLEÁCHAS Á URRAMÚ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

25. Rannpháirtíocht chuimsitheach i spóirt agus i gcluichí traidisiúnta agus rochtain orthu a chur chun cinn.

26. Rialachas a neartú, caighdeáin a choimirciú agus a ionracas laistigh de struchtúir spórt agus cluichí traidisiúnta, i gcomhar le codanna eile d'earnáil an spóirt.

27. Oibriú i gcomhar le húdaráis phoiblí chun infheictheacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht spórt agus cluichí traidisiúnta a fheabhsú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as uirlisí cumarsáide digiteacha agus nuálacha agus trí dhoiciméadacht a fhorbairt chun tacú lena dtarchur ó ghlúin go glúin.

28. Líonrú agus comhar trasteorann a bhaineann le spóirt agus cluichí traidisiúnta a spreagadh.

DOICIMÉID CHOMHTHÉACS

Creat reachtach agus beartais an Aontais

– Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Deireadh Fómhair 2025 maidir le ról bheartais an Aontais i múnlú na Samhla Eorpaí Spóirt (2025/2035(INI)) IO C, C/2026/1521, 15.4.2026, *ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/1521/oj*

– Conclúidí ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le clár oibre 2030 a fhorbairt chun na cuspóirí a bhaint amach: Dlús a chur le logánú na SFInna (15939/23)

– Conclúidí ón gComhairle an 21 Samhain 2023 maidir le haistriú sóisialta, glas agus digiteach (15732/23)

– Conclúidí ón gComhairle an 4 Aibreán 2022 maidir le spórt agus gníomhaíocht coirp, réimsí a bhfuil gealladh fúthu chun iompraíocht a athrú ó bhonn ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe (IO C 170, 25.4.2022, lch. 1)

– Rún ón gComhairle an 30 Samhain 2021 maidir le príomhghnéithe Samhla Eorpaí Spóirt (IO C 501, 13.12.2021, lch. 1)

– Conclúidí ón gComhairle an 30 Samhain 2021 maidir le gníomhaíocht coirp ar feadh an tsaoil (IO C 501 I, 13.12.2021, lch. 1)

– Conclúidí ón gComhairle an 18 Bealtaine 2021 maidir leis an nuálaíocht sa spórt (IO C 212, 4.6.2021, lch. 2)

– Rún ón gComhairle an 22 Samhain 2019 maidir le gné chultúrtha na forbartha inbhuanaithe (IO C 410, 6.12.2019, lch. 1)

– Conclúidí ón gComhairle an 24 Bealtaine 2018 maidir le luachanna coiteanna an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn tríd an spórt (IO C 196, 8.6.2018, lch. 23)

– Conclúidí ón gComhairle an 22 Samhain 2016 maidir leis an taidhleoireacht sa spórt (IO C 467, 15.12.2016, lch. 12)

– An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, *Mapping of traditional sports and games (TSG) in Europe* [Mapáil ar spóirt thraidisiúnta agus cluichí traidisiúnta san Eoraip] – *Tuarascáil chríochnaitheach*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2016

– Conclúidí ón gComhairle an 24 Samhain 2015 maidir le scileanna luaile, gníomhaíochtaí coirp agus spóirt do leanaí a chur chun cinn (IO C 417, 15.12.2015, lch. 46)

– Conclúidí ón gComhairle an 19 Bealtaine 2015 maidir leis an ról atá ag spórt an phobail i scileanna idirdhisciplíneacha a fhorbairt, go háirithe i measc daoine óga (IO C 172, 27.5.2015, lch. 8)

– Conclúidí ón gComhairle an 21 Bealtaine 2014 maidir leis an gComhionannas Inscne sa Spórt(IO C 183, 14.6.2014, lch. 39)

– Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, (IO C 326, 26.10.2012, lgh. 391–407)

Doiciméid ó eagraíochtaí eile

– UNESCO. *MINEPS VII Outcome Document: Fit for Life Alliance* [Doiciméad Toraidh MINEPS VII: Comhghuaillíocht ‘Réidh don Saol’], a glacadh ag an Seachtú Comhdháil Idirnáisiúnta de chuid na nAirí agus na nOifigeach Sinsearach atá freagrach as an gCorpoideachas agus an Spórt (MINEPS VII), Baku, an 29 Meitheamh 2023.

– Cairt Eorpach Spóirt Athbhreithnithe Chomhairle na hEorpa (CM/Rec (2021)5)

– Cairt idirnáisiúnta UNESCO maidir leis an nGníomhaíocht Choirp, Corpoideachais agus Spóirt (2015)

– UNESCO, *Final Report of the Second Collective Consultation on the Safeguarding and Promotion of Traditional Games and Sports* [Tuarascáil Chríochnaitheach an Dara Comhairliúchán Comhchoiteann maidir le Cluichí agus Spóirt Thraidisiúnta a Choimirciú agus a Chur Chun Cinn], Tehran, Poblacht Ioslamach na hIaráine, an 16-20 Eanáir 2009.

– Rún ó Chomhairle na hEorpa CM/Res(2007)8, lena mbunaítear an Páirt-Chomhaontú Méadaithe maidir le Spórt (EPAS)

– Comhdháil Ghinearálta UNESCO, Rún 33 C/21 maidir le Cluichí agus Spóirt Thraidisiúnta, a glacadh ag an 33ú seisiún a bhí aici, Páras, 2005.

– Coinbhinsiún UNESCO maidir le caomhnú na hoidhreachta cultúrtha doláimhsithe (2003)

– UNESCO, Dearbhú Punta del Este, arna ghlacadh ag an Tríú Comhdháil Idirnáisiúnta de chuid na nAirí agus na nOifigeach Sinsearach atá Freagrach as Corpoideachas agus Spórt (MINEPS III), Punta del Este, Uragua, an 30 Samhain go dtí an 3 Nollaig 1999.